



### Bí ag Smaoineamh/ Bí ag Plé ( Teanga ó Bhéal )

Cén teideal a chuirfeá ar an bpictiúr seo?

Cén sórt cairde nó peataí atá ag an gcailín?

An mbíonn peataí mar seo ag daoine de ghnáth?

An bhfuil peata agatsa?

Ar mhaith leat peata éagsúil a bheith agat?

### Bí ag Léamh ( Teanga –Léitheoireacht )

Léigh na dánta seo:

#### **Lá na bPeataí**

*Ar Lá na bPeataí  
i Rang a Sé  
d'ith piorána Eoghain  
iasc órga Chathail.  
Bhí Cathal  
trína chéile ar dtús.  
Na deora ag titim go fras  
nó go ndearna crogall Eileanóra  
Cathal a shlogadh siar  
in aon ailp mhór amháin.  
B'in deireadh le deora Chathail.  
Ach faraor  
b'in deireadh  
le Cathal freisin.*

Áine Ní Ghlinn (Bronntanais),  
Cló Mhaigh Eo  
|

#### **Éagsúil**

Ní maith liomsa peil.  
Ní maith liom cluichí.  
Ní maith liom dul amach  
Sa chlós ag spraoi.

Is maith liomsa Mata.  
Is breá liom Eolaíocht.  
Nuair a fhaighim leabhar nua  
Bímse faoi dhraíocht.

Tá a fhios agam go bhfuilim  
Beagáinín beag difriúil  
Ach ná bí ag magadh fúm  
Mar go bhfuilim éagsúil.

Dá mbeadh cara agamsa  
Cara amháin  
Bheinnse chomh sásta  
Le bolg lán.

Áine Ní Ghlinn

## Tionscnamh Cairdis & Éagsúlachta (OSPS)

Déan liosta de na daoine i do rang.

Luaigh bua amháin atá ag gach duine.

Luaigh bealach amháin ina bhfuil gach duine difriúil (súile, gruaig, caitheamh aimsire, srl)

Luaigh bua amháin atá agatsa.

Luaigh bealach amháin ina bhfuil tusa éagsúil ó gach duine eile.

An mbíonn *Seachtain Cairdis* agaibh ar scoil?

D'fhéadfadh an rang *Tionscnamh Cairdis agus Éagsúlachta* a dhéanamh:

Cuir grianghraf nó pictiúr de gach duine ar leathanach mór (duine amháin ar gach leathanach). Iarr ar gach duine sa rang bua amháin atá ag an duine a scríobh ar an leathanach. (D'fhéadfaí *balla buanna* a dhéanamh.)

## Bí ag Scríobh ( Teanga-Scríbhneoireacht )

### Roghnaigh tasc scríbhneoireachta amháin:

1.

Scríobh scéal nó dán ag tosnú le

*Táimse difriúil...*

(D'fhéadfaí an dán a cheangal le do phictiúr don *Tionscnamh Cairdis & Éagsúlachta* thuas)

2.

Tagann duine nua chun na scoile. Tá sé/sí i do rang.

Scríobh scéal nó dráma faoin gcéad lá ag an duine seo sa rang.

(An mbíonn daoine deas leis nó léi?)

3.

Tá tusa ag tosnú i scoil nua. Níl aithne agat ar aon duine sa rang.

Thug do mháthair dialann duit mar bhronntanas.

Scríobh cuntas dialainne faoi do chéad lá sa scoil nua.

Tarraing pictiúr do pheata nó an peata ar mhaith leat agus scríobh píosa faoi . ( **Ealaíon** )